



Foras na Gaeilge

Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2021

Treoirínite agus critéir mhaoinithe

Réimse maoinithe

Compántais phroifisiúnta agus amaitéaracha, rannóg na hearnála poiblí agus na healaíona.

Réasúnaíocht don scéim

Beidh Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéaracha oscailte do ghrúpaí drámaíochta atá bunaithe go dlíthiúil mar chompántas drámaíochta, idir amaitéarach agus proifisiúnta, grúpaí nuabhunaithe san áireamh, ar mian leo drámaí Gaeilge nó dátheangacha a léiriú timpeall na tíre.

Bunaidhm na scéime

Díríonn an scéim seo ar chompántais drámaíochta Gaeilge a bhfuil sé mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórfhobal, agus don earnáil oideachais. Lena chois sin, is ar fhorbairt pobail, freastail agus luchta féachána imeachtaí drámaíochta a dhíríonn an scéim seo.

Critéir na scéime

- (a) Tá ábhar na ndrámáí, líon an luchta freastail, líon na léirithe agus ionaid na léirithe, samhlaíocht agus nuálaíocht chlár oibre an chompántais chun shástacht Fhoras na Gaeilge.
(b) Tá caighdeáin arda ealaíonta bainte amach i scrípteanna, in aisteoireacht agus i léirithe.
(c) Cuirtear le rannpháirtíocht agus cruthaitheacht sa Ghaeilge trí mheán na n-ealaíon.
- Tá ábhar bolscaireachta an chompántais i nGaeilge nó iomlán dátheangach, le tús áite ag an nGaeilge, chun sástacht Fhoras na Gaeilge.
- Tá cumas bainistíochta agus riaracháin ag an gcompántas, ina gcuirfear taithí agus saineolas an chompántais san áireamh.

4. Tá eolas curtha ar fáil ag an gcompántas maidir le maoiniú nó tacaíocht eile, e.g. urraíocht, maoiniú comhchineáil agus teacht isteach measta.
5. Tá luach ar airgead ann maidir le líon na ndaoine a bheidh rannpháirteach, idir bhaill an chompántais, lucht léirithe agus lucht freastail.
6. Cuirfear fáilte faoi leith roimh iarratais a chuimsíonn fo-imeachtaí a dhéanann Colmcille 2021 a chomóradh.

Riaradh agus cur chuige na scéime

- Ní mór don chompántas a léiriú gurb iad cur chun cinn na Gaeilge agus soláthar deiseanna úsáide Gaeilge príomhaidhmeanna na ngnéithe den tionscadal a bhfuil an deontas á lorg ina leith.
- Caithfidh an compántas a léiriú go bhfuil gá leis an tionscadal agus go bhfuil luach ar airgead ar fáil ag Foras na Gaeilge. Ní mór stráitéis feabhsúcháin a bheith ag an gcompántas maidir le líon na ndaoine a bheidh rannpháirteach, idir bhaill an chomplachta, lucht léirithe agus lucht freastail.

Cineál maoinithe ar fáil

Grúpaí proifisiúnta	Grúpaí amaitéara	Grúpaí nua proifisiúnta
Uasmhéid €50,000/£30,000 Ní mhaoineofar 100% de chostais chlár oibre an chompántais	€ 12,000/£8,000 Cead cur isteach ar 100% de chostais chlár na bliana	€24,000/£16,000 Cead cur isteach ar 100% de chostais chlár na bliana

Riachtanais faoi leith:

- Bunreacht ag an gcompántas
- Polasaí bailí um chumhdach
- Cuntas bainc in ainm an chompántais
- Uimhir chánach ROS bhaill
- Deimhniú imréitigh cánach reatha

Cé atá neamh-incháilithe mar iarratasóir?

- Eagraíochtaí reachtúla agus ceannagraíochtaí
- Aon chompántas a dhéanann stocaireacht faoi iarratas le haon chomhalta boird nó fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge

Gníomhaíochtaí atá incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim

- Léirithe trí mheán na Gaeilge nó atá dátheangach ach tús áite tugtha don Ghaeilge
- Forbairt scrípteanna nua

- Forbairt drámaí nua

Gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim

- Léirithe trí mheán an Bhéarla
- Léirithe laistigh den chlár a bhfuil maoiniú faighte nó iarrtha dóibh cheana féin ó Fhoras na Gaeilge

Bainistiú agus íocaíocht deontais

- Ní ghlacfar le hiarratais ach ar fhoirm iarratais Fhoras na Gaeilge. Caithfear an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine, caithfear gach ceist a fhreagairt agus caithfear aon eolas eile a iarrtar a chur ar fáil. Féach an seicliosta.
- Déanfar gach iarratas a mheasúnú bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais. Ag éirí as an measúnú féadfar go n-iarrfar tuilleadh eolais.
- Dícháileofar aon iarratasóir a thugann eolas mícheart.

Íocaíocht agus monatóireacht

1. Is é bord Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú. Is iad foireann bhainistíochta agus feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.
2. Beidh gach maoiniú de chuid Fhoras na Gaeilge i bhfoirm conartha dhlíthiúil agus ní mór cloí leis na coinníollacha a leagfar síos sa chonradh sin. Is féidir go ndéanfar cuid den deontas nó an deontas ar fad a chealú/a aisghairm má sháraítear aon cheann de na coinníollacha.
3. Déanfar an maoiniú a cheadófar faoin bhfoirm iarratais seo a íoc de réir mar a aontófar. Más i dtráthchodanna a íocfar an deontas ní mór iarratas a dhéanamh ar íocaíocht gach tráthchoda laistigh den tréimhse chomhaontaithe.
4. Déanfaidh Foras na Gaeilge féin, nó a ghníomhairí, monatóireacht ar gach tionscadal ar gach leibhéal – airgeadas, cur i bhfeidhm, dul chun cinn etc.
5. Is féidir go dtabharfaidh Foras na Gaeilge, a chuid oifigeach agus/nó gníomhairí, cuairteanna ar thionscadal ag aon tráth le linn na tréimhse maoinithe.
6. Tá sé de chead ag Foras na Gaeilge tuairisc a iarraidh faoi spriocanna a bhaineann le caiteachas agus le torthaí oibre ag aon tráth ar bith. Ní mór í seo a sholáthar taobh istigh de thréimhse chomhaontaithe.
7. Ní mór deimhniú imréitigh cánach reatha a chur ar fáil.
8. Ní mór cuntais iniúchta a sholáthar, más cuí, ag deireadh gach bliana.
9. Is mian le Foras na Gaeilge a chur in iúl d'iarratasóirí go bhféadfadh sé tarlú go ndéanfar an t-eolas a sholáthrófar in aon fhoirm iarratais a chur ar fáil faoi réir dhualgas Fhoras na Gaeilge faoin dlí lena n-áirítear Cód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas a tháinig i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh, 2005.
10. Is féidir go ndéanfaidh Foras na Gaeilge teagmháil le ranna rialtais agus maoinitheoirí eile, thuaidh agus theas, le hiarratais a phlé.

